PrecisionMedical



# liveACTIVEFive®

## Dlúthaitheoir Ocsaigine iniompartha

Rx ONLY

Aire! Cuireann dlí feidearálach SAM srian ar an ghléas seo a dhíol ag nó ar ordú lia.

## Taifead Úinéara

Tá lipéad na n-uimhreacha maidir le Samhail [REF] agus Sraith [SN] ar bhonn an ghléis. Déan taifead den Uimhir maidir le Samhail agus Sraith sa spás tugtha thíos. Beidh seo ina chuidiú má tá teagmháil le déanamh agat le Precision Medical sa todhchaí faoi do POC. Fá choinne an t-eolas is déanaí, tabhair cuairt ar www.precisionmedical.com.

Samhail: ______________________________________________________________

Sraithuimhir.:___________________________________________________________

Dáta Ceannaithe: _________________________________________________________

Teagmháil Soláthróra:______________________________________________________

# Clár Ábhair


**Forléargas Gléis .......... 1**

Faoi do Dhlúthaitheoir Ocsaigine iniompartha Live Active Five (POC) .......... 1

Úsáid Bheartaithe agus Treoracha .......... 1

Próifíl úsáideora .......... 1

Fritásca .......... 1

**Go Ginearálta .......... 2**

Díphacáil / Iniúchadh .......... 2

Siombail .......... 3

Rabhaidh .......... 4

Gnéithe .......... 5

Painéal Rialúcháin / Cur síos ar chomhpháirt .......... 5

Roghanna Cumhachta .......... 6

Páirteanna ionaid agus Oiriúintí .......... 7

Oiriúintí .......... 7

Páirteanna ionaid .......... 7

**Cumraíocht9**

Ag cumhachtú an POC .......... 9

Ag suiteáil an cheallra .......... 9

Ag luchtú an cheallra- Sa Ghléas .......... 9

Ag léamh na Tomhais Cheallra .......... 10

Baineadh Ceallra .......... 11

Cumhacht AC seachtrach .......... 11

Cumhacht DC seachtrach .......... 12

Úsáid Mála Iompartha agus Cumraíocht .......... 13

Chun an POC a chur isteach sa mhála iompartha .......... 14

Ag baint an Cás .......... 14

Ag suiteáil Hanla Iompartha agus/nó Strapa Gualainne .......... 14

Ag glanadh an Cháis .......... 14

**Úsáid .......... 15**

Suíomh Láthair agus Oibriú .......... 15

Ag ceangail / Lonnú an Channúil Sróine .......... 15

Ag baint an Channúil ón Asraon .......... 16

Ag cumhachtú an POC .......... 16

Ag athrú Socrú Preabadh .......... 16

Tréimhse Tosaigh .......... 17

Ag léamh na scáileáin taispeána .......... 17

Ag análú leis an POC .......... 18

Ag oibriú an POC leis an Quiet Option (Rogha Ciúnais) .......... 18

Ag múchadh an POC .......... 18

Saol Ceallra agus Bainistiú Ceallra Molta .......... 18

Ag taistil leis an POC .......... 19

**Cothabháil Coisctheach Molta .......... 20**

Saol Seirbhíse .......... 20

Ag glanadh an Cháis .......... 20

Ag glanadh an Scagaire Ionraoin Aeir agus Ionaid .......... 20

Ag athrú an Scagaire Asraoin Aeir .......... 21

Ag glanadh agus ag Díghalrú idir Úsáideoirí .......... 21

**I ndiaidh Úsáid .......... 22**

Stóráil .......... 22

Diúscairt .......... 22

**Fabhtcheartú 23**

Foláirimh theicniúla .......... 23

Múch foláirimh .......... 26

**Sonraí teicniúla .......... 27**

Sonraíochtaí .......... 27

Go Ginearálta .......... 27

Liostaí rialála .......... 28

Comhlíonadh Leictreamaighnéadach (EMC) .......... 29

Treoir agus dearbhú an déantóra - imdhíonacht leictreamaighnéadach .......... 29

**Baránta Teoranta .......... 32**

# Forléargas Gléis

## Faoi do Dhlúthaitheoir Ocsaigine iniompartha Live Active Five (POC)

Baineann an POC Live Active Five úsáid as criathar móilíneach agus modheolaíocht asúchán luasc brú folúis chun an asraon gás ocsaigin a chur ar fáil. Téann aer timpeallach isteach sa ghléas, déantar scagaireacht air agus ansin bíonn sé comhbhrúite. Cuirtear an t-aer comhbhrúite seo isteach chuig bunchriathair ar féidir nítrigin a asú. Imíonn an ocsaigin dhlúthaithe ón taobh eile don bhunchriathair agus cuirtear isteach chuig taisce ocsaigine é, áit a thugtar don úsáideoir é.

Tá réimse an leibhéal glaineacht ocsaigine don asraon gáis ó 87% go 95.5%. Seoltar an ocsaigin chuig an úsáideoir fríd an cannúl sróine. Tá modheolaíocht seoladh dáileog preabaireachta in úsáid. Aimsíonn an gléas tús análú an úsáideora agus seolann sé preabadh tomhaiste d'ocsaigin. Ní sheoltar ocsaigin breise ar bith go dtí go bhfuil análú úsáideora faighte. Is méid socraithe é an méid ocsaigine a sheoltar gach nóiméad bunaithe ar an socrú sreabhadh preabaireachta a roghnaítear. Athróidh méid gach preabadh ocsaigine le ráta anála an úsáideora sa dóigh go mbeidh méid socraithe nóiméad á chaomhnú.

## Úsáid Bheartaithe agus Treoracha

Tá an Live Active Five (POC) (an gléas) ag Precision Medical, Inc. ceaptha chun ocsaigin breise a thabhairt chuig daoine a bhfuil teiripe ocsaigin de dhíth orthu. Is féidir an gléas seo a úsáid sa bhaile, in institiúid, i bhfeithicil agus go hiniompartha.

## Próifíl úsáideora

Caithfidh an POC Live Active Five a bheith in úsáid ag othar atá traenáilte agus/nó cúramóir laistigh nó lasmuigh don bhaile a bhfuil ocsaigin breise ordaithe de dhíth air.

Ba chóir go mbeadh géire amhairc ag an úsáideoir de 0 ar Íostaifeach Uillinn an scála loga (log MAR) nó 6/6 (20/20), ceartaithe más gá.

Níor chóir go mbeadh lagú éisteachta ag an úsáideoir a chuirfidh bac orthu foláirimh an ghléis a chloisteáil.

Caithfidh an úsáideoir a bheith ábalta an lámhleabhar úsáideora a léamh agus a thuiscint sa teanga ina bhfuil sé scríofa.

Tá daonra an othair fá choinne úsáid aosaigh amháin. Níor chóir go mbeadh an t-othar ina pháiste, ina naíonán nó ina leanbh.

Caithfidh an t-othar a bheith ábalta cannúl méid aosaigh a chaitheamh chun úsáid othair agus seoladh ocsaigin ceart a chinntiú.

## Fritásca

Níor chóir an gléas seo a úsáid agus tú ina chodladh.

Níor chóir an gléas seo a úsáid fá choinne tacaíochta nó chun saol a chothú.

Is í aidhm an gléas seo na chun ocsaigin breise a thabhairt amháin. Beidh foinse ocsaigine eile ar fáil i gcónaí.

Níor chóir go mbeadh páistí, naíonán, nó leanbh ag baint úsáid as an ngléas seo.

Níl an gléas seo fóirsteanach fá choinne úsáideoir ar bith ar féidir leo tionchair dochrach sláinte a ghlacadh mar thoradh ar bhriseadh sealadach i dteiripe ocsaigine.

Ba chóir go mbeadh an gléas seo in úsáid más rud é go bhfuil sé ordaithe ag dochtúir amháin. Thig le húsáid teiripe ocsaigine nach bhfuil ordaithe a bheith dochrach.

B'fhéidir go mbeidh monatóireacht breise de dhíth ar úsáideoirí nach bhfuil ábalta míchompord a léiriú agus an gléas seo in úsáid.

B'fhéidir go mbeidh cuidiú de dhíth ar úsáideoirí le lagú éisteachta agus/nó radhairc agus an gléas seo in úsáid acu.

Níor chóir d'úsáideoirí a bhíonn ag análú fríd béal s'acu nó fríd masc ocsaigine an gléas seo a úsáid.

# Go Ginearálta

## Díphacáil / Iniúchadh

Bain ábhar ón phacáistiú agus déan scrúdú fá choinne damáiste. Má tá aon damáiste ann, NÁ HÚSÁID agus déan teagmháil le Soláthróir s'agat. Clúdaíonn an pacáiste POC an méid seo a leanas:




- (A) Mála iompartha oiriúintí (508623)
- (B) Live Active Five POC (PM4155)
- (C) Ceallra Iain Litiam (508561) *Ceallra Breise le Beart Cumhachta
- (D) Mála iompartha POC (508567)
- (E) Strapa gualainne inathraithe (san áireamh le Mála Iompartha POC)
- (F) Cuibheoir Carr DC (508558)
- (G) Cuibheoir Cumhachta le Corda Cumhachta AC (508660)
- (H) Cannúl sróine (504833)

# Siombailí

**⚠ RABHADH**

Taispeánann sé sábháilteacht phearsanta an othar a bhaineann. Thig le gortú suntasach a bheith mar thoradh ar neamhaird a dhéanamh ar rabhadh.

**⚠ AIRE**

Léiríonn sé cás baolach ar féidir mionghortú nó gortú measartha tarlú, mura ndéantar é a sheachaint.

**AIRE**

Is féidir damáiste réadmhaoine tarlú mar thoradh ar úsáid gan an siombail rabhadh sábháilteachta, a chuireann cás baolach in iúl.



Comhartha Rabhaidh Ghinearálta



Lean na treoracha Úsáide



Comhartha Gníomh Riachtanach Ginearálta



Siombail fá choinne NÁ



Ná Caith Tobac



Ola nó Gréisc ar bith



Níl lasair oscailte ann (POC)

Ná loisc (Ceallra)




MR Mí-shábháilte

Ciallaíonn earraí atá marcáilte míshábháilte gur féidir leis a bheith dochrach i ngach timpeallacht MR.



Ná díchóimeáil



Foláireamh Ginearálta



Foláireamh Moilliú



Sruth Díreach



Cineál Páirt BF Feidhmeach



Trealamh Aicme II



Dáta Déantúsaíochta



Déantóir



Cumhacht múchta-Cúltaca



Socraíonn déantóir an ghléis seo go gcomhlíonann sé critéir ghlactha FAA fá choinne carráiste POC agus úsáid ar bhord eitleáin.



Is féidir go bhfuil comhbhaill leictreach atá dochrach don timpeallacht sa ghléas seo. NÁ caith an gléas amach sa ghnáthbhruscar. Déan teagmháil le do bhainistíocht dramhaíola áitiúil fá choinne trealamh leictreach a chaitheamh amach.

**IP22**

Cosanta ó theagmháil ó mhéara agus rudaí atá níos mó ná 12 mhilliméadar. Cosanta ó spraeáil díreach uisce suas go 15° ón ingearach.



Athchúrsáil




Níl laitéis rubar nádúrtha ar bith sa POC, bealaí gás, comhpháirteanna agus oiriúintí.

# Rabhaidh

## ⚠RABHADH

Tá Precision Medical Inc, agus soláthróir trealamh s'agat freagrach as comhoiriúnacht an POC agus na páirteanna nó oiriúintí uile a úsáidtear a chinntiú.

Is féidir úsáid oiriúintí nó páirteanna breise nach bhfuil ráite sa Lámhleabhar seo tionchar dochrach a bheith acu ar shábháilteacht bhunúsach nó gníomh riachtanach an ghléis agus cuirfidh sé an baránta ar neamhní.

Mura bhfuil tú ábalta na foláirimh, rabhaidh, nó treoracha a thuigmheáil, déan teagmháil le soláthróir cúram sláinte nó pearsanra teicniúil sula ndéantar iarracht an gléas seo a úsáid.

Má mhothaíonn tú aon mhíchompord nó má tá éigeandáil leighis ag tarlú agus teiripe ocsaigine á dhéanamh, faigh cuidiú leighis chun dochar a sheachaint.

I gcás staid foláirimh nó má tá aon chomhartha míchompord agat, ceangail le foinse eile ocsaigine. Déan teagmháil láithreach le do Sholáthróir agus/nó Gairmí Cúram Sláinte.

Beidh monatóireacht breise de dhíth ar úsáideoirí nach bhfuil ábalta míchompord a léiriú chun eolas faoin míchompord a léiriú agus nó an práinn leighis leis an lucht cúraim chun dochar a sheachaint.

Tá riosca tine ann maidir le húsáid ocsaigine, agus is dóiche go mbeidh tine nó bás mar thoradh air. Ná húsáid an gléas nó na hoiriúintí in aice le lasair, spréacha nó substaintí atá inlasta/pléascach.

Is rud dainséarach é a bheith ag caitheamh tobac le linn úsáid teiripe ocsaigine agus is dóigh go mbeidh dóú aghaidh nó bás mar thoradh air. Ná lig do dhaoine tobac a chaitheamh in aice leis an ghléas. Má tá tú chun tobac a chaitheamh, múch an gléas, bain an cannúl agus imigh ón seomra ina bhfuil an cannúl agus an gléas.

Déanann ocsaigin níos furasta tine a thoiseacht agus a scaipeadh. Ná fág an cannúl sróine ar ábhair atá indóite ar nós clúdach leapa, cúisín ar chathaoir, srl. Má tá an gléas lasta, ach níl sé in úsáid, déanfaidh an ocsaigin na hábhair so-lasta. Múch an gléas nuair nach bhfuil sé in úsáid chun bac a chur ar shaibhriú ocsaigine.

Is féidir úsáid an ghléis seo ag airde níos mó na 10,000 troigh (3048 m) nó taobh amuigh do réimse teochta de 41°F go dtí 104°F (5°C go dtí 40°C) nó bogthaise choibhneasta atá níos airde na 90% tionchar dochrach a imirt ar ráta an sreabhaidh agus an céatadán don ocsaigin agus mar sin de, caighdeán na teiripe.

Is dochar tuisleach nó tachtadh é an corda leictreach agus/nó feadán leictreach.

Coimeád amach ó leanaí agus peataí.

Ba chóir an gléas seo a úsáid i gcoinníollacha atá tirim. Ná cuir faoin uisce, úsáid faoin uisce, téigh ag snámh agus an gléas in úsáid agat.

Thig le gaoth nó siorradh láidir tionchar dochrach a bheith ar sheoladh teiripe ocsaigine. **Samplaí:** Thig le húsáid an ghléis seo in aice le fuinneog oscailte, os comhair gaothráin, nó ar chúl cairr a bhfuil díon infhillte air tionchar a imirt ar chruinneas seoladh na hocsaigine.

Má fhaigheann cleachtas Gairmí Cúraim Sláinte amach go mbeidh iarmhairtí dochracha ag an úsáideoir, ar fáth ar bith, mar gheall ar bhriseadh sa soláthar ocsaigine, ba chóir go bhfuil foinse ocsaigine eile ar fáil fá choinne úsáid láithreach.

⊘ NÁ hoibrigh an POC gan an scagaire ionraoin nó nuair atá an scagaire fliuch, chun damáiste don ghléas a sheachaint.

Níl aon taláit atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach sa ghléas, páirteanna an ghléis nó oiriúintí.

❗ Cinntigh do shocrú sreabhaidh atá leagtha síos duit roimh úsáid agus déan monatóireacht ar bhonn rialta.

❗ Fan ar shiúl ó bhallaí, ó throscán, agus ó chuirtíní go háirithe, ar féidir bac a chuir ar aershreabhadh dóthanach leis an ghléas.

❗ Bain úsáid as páirteanna atá molta ag an déantóir chun feidhm ceart a chinntiú agus chun riosca tine agus dóigh a sheachaint.

⊘ NÁ bealaigh feistithe, ceangail, feadáin, nó aon oiriúintí eile den ghléas chun riosca tine agus dóigh a sheachaint. Bain úsáid as ionlaigh uisce-bhunaithe nó ungaidh atá comhoiriúnach le hocsaigin roimh agus le linn teiripe ocsaigine. Ná húsáid peitriliam nó ionlaigh nó ungthaí ola-bhunaithe.

⊘ NÁ clúdaigh nó ná cuir bac ar aerú an ghléis. Tá aerú ceart de dhíth ag ionraonta agus asraonta aeir.

⊘ NÁ díchóimeáil nó ná déan iarracht é a chóiriú. Níl aon pháirteanna infheidhme taobh istigh. Déan teagmháil le Precision Medical, Inc. fá choinne seirbhíse.

⊘ NÁ hathraigh an gléas seo.

⊘ NÁ bain don ghléas má thiteann sé in uisce. Díphlugáil láithreach má thiteann an gléas isteach in uisce.

⊘ NÁ HÚSÁID buidéal taisire leis an ghléas seo.

⊘ NÁ HÚSÁID le linn codlata.

# Gnéithe

## Painéal Rialúcháin / Cur síos ar chomhpháirteanna















Tá lipéad na n-uimhreacha maidir le Samhail [REF] agus Sraith [SN] ar bhonn an ghléis.

- **(A)** **Feistiú Asraon Ocsaigine -** Ceanglaíonn sé an cannúl sróine leis an ghléas.
- **(B)** **Scáileán Taispeána -** Taispeánann sé socrú preabaireachta, stádas ceallra agus cumhachta, agus teachtaireachtaí foláirimh.
- **(C)** **Cnaipe Roghnúchán Preabaireachta (1 - 5)** Déan tagairt d’Athrú Socruithe an Preabadh in Úsáid fá choinne tuilleadh eolais.
- **(D)** **Cnaipe Paused Alert (Foláireamh Ar Sos) -** Brú chun an comhartha inchloiste a stad.
- **(E)** **Táscaire Foláirimh -** Taispeánann an solas buí coinníollacha oibriú mínormálta. Déan tagairt do Staid Foláireamh i Fabhtcheartú fá choinne tuilleadh eolais.
- **(F)** **Cnaipe le Múchadh-** Brú chun an gléas a mhúchadh.
- **(G)** **Laiste Ceallra -** Sleamhnaigh ar ais chun an Ceallra a bhaint ón ghléas.
- **(H)** **Hanla Ceallra -** In úsáid chun an Ceallra a bhaint ón ghléas.
- **(I)** **Ceallra -** In úsáid fá choinne cumhacht iniompartha.
- **(J)** **Ceangaltán Cumhachta Seachtrach -** In úsáid chun foinse cumhachta seachtrach a cheangail leis an ghléas.
- **(K)** **Asraon Aeir -** Asraon aeir ón ghléas.
- **(L)** **Ionraon Aeir le Scagaire -** Ionraon Aeir leis an ghléas ar clé agus ar dheis d’Fheistiú Asraon Ocsaigine (A)

## Roghanna Cumhachta

**Ceallra:** Nuair atá sé go hiomlán luchtaithe, tugann ceallra amháin cumhacht ar feadh níos mó na 6 huaire. Tarlaíonn comharthaí foláirimh nuair atá an ceallra ag ídiú. Déan tagairt do Choinníollacha Foláirimh Theicniúla agus ag luchtú an Cheallra sa chuid Cumraíochta.

**Cuibheoir Cumhachta AC:** Ligeann an cuibheoir cumhachta AC don ghléas a bheith ceangailte le hasraon balla. Ligfidh úsáid cuibheoir cumhachta AC don ghléas oibriú agus ceallra suiteáilte a luchtú ag an am céanna. Déan tagairt do Ag Luchtú an Ceallra sa chuid Cumraíochta.

**Cuibheoir DC Cairr:** Ligeann an cuibheoir cairr DC don ghléas a bheith ceangailte le hasraon inneall cúnta 12-voltas DC. Ligeann úsáid cuibheoir cairr DC don ghléas oibriú agus ceallra suiteáilte a luchtú ag an am céanna. Déan tagairt do Ag Luchtú an Ceallra sa chuid Cumraíochta.

**Nóta:** Tá ciorcaid 8 amp ar a laghad de dhíth ag an chuibheoir cairr DC. Seiceáil ar lámhleabhar úsáideora d’fheithicil lena chinntiú gur féidir leis an chiorcaid 8 amps a chur ar fáil.

# Páirteanna ionaid agus Oiriúintí

| ⚠ RABHADH |
|---|
| Is féidir úsáid oiriúintí nó páirteanna breise nach bhfuil ráite sa Lámhleabhar seo tionchar dochrach a bheith acu ar shábháilteacht bhunúsach nó gníomh riachtanach an ghléis agus cuirfidh sé an baránta ar neamhní. |

## Oiriúintí:



**Luchtaire Ceallra Live Active Five le Cuibheoir Cumhachta AC - 508649**
Thig leat Ceallra Litiam Live Active Five a luchtú go gasta i 2 uaire ag bainte úsáid as an Luchtaitheoir Ceallra Live Active Five atá dlúth agus ilfheidhmeach.



**Beartán Luchtaire Ceallra Live Active Five le Ceallra agus Cuibheoir Cumhachta AC - 508650**
Tagann Beartán Ceallra Live Active Five le Ceallra amháin Litiam Live Active Five sa dóigh is gur féidir leat ceallra luchtaithe a bheith agat atá réidh i gcónaí. Is féidir ceallraí breise a cheannach leo féin.

## Páirteanna aisbhuille:




**Ceallra Iain Litiam Live Active Five - 508561**
Ceannaigh Ceallraí Iain Litiam Live Active Five breise. Tugann gach ceallra níos mó ná tréimhse 6 huaire.



**Cuibheoir Cumhachta Live Active Five le Corda Cumhachta AC - 508660**
Ní chaithfear corda a bhogadh ó sheomra go seomra níos mó. Ceannaigh cuid breise le coinneáil i do sheomra leapa, seomra suite nó sa charr.



**Cuibheoir Cairr DC Live Active Five - 508558**
Dearadh an Cuibheoir Cairr DC Live Active Five le húsáid le do Live Active Five POC. Ligeann an corda DC duit cumhacht a thabhairt do do dhlúthaitheoir agus an ceallra a luchtú ag an am céanna ó asraon ginearálta cairr DC i do charr , RV nó bád.



**Mála Iompartha le Strapa Gualainne agus Hanla - 508567**
Ligeann an mála iompartha Live Active Five duit an gléas a chaitheamh ar do ghualainn nó trasna an chorp le taithí lámhshaor níos compordaí a thabhairt.



**Scagaire Ionraoin (x10) - 508587-10**
Cosúil le gach scagaire, caithfidh siad a bheith athraithe in amanna.  Coinnigh do Live Active Five POC ag dul ar an fheidhmiú is airde le scagaire ionraoin nua. Ar fáil i bpaca de 30.



**Cannúl sróine - 504833**
Ba chóir go mbeadh an cannúl sróine marcáilte le hardsreabhadh aosach chun úsáid ceart othar agus seoladh ocsaigine a chinntiú.



**Luchtaire Ceallra Cuibheoir Cumhachta le Corda Cumhachta AC - 508699**
Baintear úsáid as an chuibheoir cumhachta AC le corda cumhachta AC chun cumhacht a thabhairt don luchtaire ceallra an Live Active Five ar asraon balla leictreach ar bith.



**Cuibheoir Cumhachta DC Luchtaire Ceallra - 506750**
Baintear úsáid as an cuibheoir cumhachta DC roghnach chun cumhacht a thabhairt don luchtaitheoir ceallra Live Active Five i gcarr, RV nó bád.



**Bunchriathar Ionaid – 508697**
Tugann an Bunchriathar Ionaid bealach gasta agus éasca seirbhísiú a dhéanamh ar do POC Live Active Five gan seirbhísiú a iarradh.

# Cumraíocht

Lean na treoracha seo chun oibriú sábháilte an ghléis a chinntiú.

**Nóta:** Tá an gléas, páirteanna atá ceangailte agus oiriúintí a thagann leis le bheith in úsáid ag úsáideoir shingil agus ba chóir é a ghlanadh / díghalrú roimh úsáid ar úsáideoir nua é.

## Ag cumhachtú an POC

| ⚠ AIRE |
|---|
| Cinntigh go bhfuil an ceallra luchtaithe roimh úsáid den chéad uair.<br>Nuair atá an ceallra ag ídiú, athraigh le ceallra eile é atá luchtaithe nó ceangail an POC le foinse cumhachta AC nó DC. |

### Ag suiteáil an cheallra

Tagann an gléas seo le ceallra iain litiam in-athluchtaithe. Is féidir an ceallra a bhaint agus a shuiteáil nuair atá an gléas ceangailte le foinse cumhachta seachtrach.

1. Laghdaigh an ceallra go fadálach díreach síos chuig an roinn ceallra. Brú síos go dtí go bhfuil cliceáil le cloisteáil. Deimhníonn bípeáil inchloiste go bhfuil an ceallra suiteáilte i gceart.

### Ag luchtú an cheallra - Sa Ghléas

Caithfidh an ceallra a bheith luchtaithe sa ghléas roimh úsáid. Chun an ceallra a luchtú, déan na céimeanna a leanas:

1. Suiteáil an cheallra.
2. Ceangail cumhacht AC leis an ghléas.
3. Déan monatóireacht ar leibhéal luchtaire an cheallra agus luchtaigh go dtí go bhfuil sé lán.
4. Dícheangail an cuibheoir cumhachta AC ón ghléas. Tá an gléas réidh fá choinne úsáid iniompartha.

***Déan tagairt do Cheallra atá ag Suiteáladh, Cumhacht AC Seachtrach, Ag Léamh an Tomhsaire Ceallra fá choinne tuilleadh eolais.***

## Ag léamh na Tomhais Cheallra

**Ceallra suiteáilte**
Taispeánann an tomhsaire ceallra ar an scáileáin stádas an cheallra atá suiteáilte.

Am Ceallra atá fágtha agus an gléas ag obair gan chumhacht seachtrach (thig leis suas le 3 nóiméad a ghlacadh le taispeáint).




Leibhéal cumhachta ceallra leis an ghléas ag rith agus cumhacht seachtrach ceangailte. Taispeánann deighleog ag spléachadh an leibhéal luchtaire.






| Méid Deighleáin atá soilsithe | Leibhéal luchtaire |
|---|---|
| 4 | 76% - 100% |
| 3 | 51% - 75% |
| 2 | 26% - 50% |
| 1 | 1% - 25% |

**Ceallra díshuiteáilte**
Cuireann an tomhsaire ceallra atá ar fáil ar an ceallra é féin an leibhéal luchtaire in iúl le méid míreanna soilsithe nuair a brúitear an cnaipe Tástála.




| Méid Deighleáin atá soilsithe | Leibhéal luchtaire |
|---|---|
| 4 | 76% - 100% |
| 3 | 51% - 75% |
| 2 | 26% - 50% |
| 1 | ≤10% - 25% |
| 1 - ag caochadh | faoi 10% |

## Ceallra a bhaint amach

Le foinse cumhachta seachtrach ceangailte, is féidir an ceallra a bhaint gan dul i bhfeidhm ar oibriú an ghléis. Mura bhfuil sé ceangailte le foinse cumhachta seachtrach, múch an gléas ar dtús.

Chun an ceallra a bhaint, tarraing laiste go dtí go dtarraingíonn an ceallra siar. Tóg an ceallra amach as an ghléas.

***Déan tagairt do na foláireamh muchta sa chuid Fabhtcheartú.***




## Cumhacht AC seachtrach




**A** Corda Cumhachta AC (Ceanglaíonn sé le Cuibheoir Cumhachta AC agus Asraon Balla)

**B** Cuibheoir Cumhachta AC

**C** Plucóid Asraoin Cumhachta (Ceanglaíonn sé leis an ghléas)

Ligeann an cuibheoir cumhachta AC don POC a bheith ceangailte le hasraon balla AC. Ligfidh úsáid cuibheoir cumhachta AC don ghléas a bheith oibrithe agus an ceallra luchtú ag an am céanna. Críochnaigh na céimeanna seo a leanas chun an cuibheoir cumhachta AC a cheangail leis an ghléas:

1. Ceangail an corda cumhachta AC (A) leis an chuibheoir cumhachta AC (B).
2. Cuir an plucóid asraoin cumhachta (C) isteach leis an cheangaltán cumhacht seachtrach ar an ghléas.
3. Cuir an plucóid isteach chuig asraon balla AC.

**Nóta:** Ná clúdaigh corda thart ar sholáthar cumhachta fá choinne stóráil.
Ná tiomáin, tarraing nó ná cuir rudaí thar an corda.

## Cumhacht DC seachtrach

| ⚠ AIRE |
|---|
| Thig le hoibriú an ghléis gan an t-inneall ag dul ceallra an ghléis a ídiú.<br><br>Cinntigh go bhfuil fiús ceart sa Seac Oiriúintí 12-Voltas fá choinne riachtanais chumhachta an ghléis. Ba chóir go mbeadh fiús 8 Amp (96 Watts) ag an seac oiriúintí. |




- (D) Plucóid Cumhachta DC (Ceanglaíonn sé le hasraon DC i bhfeithicil)
- (E) Cuibheoir Cumhachta DC
- (F) Plucóid Asraoin Cumhachta (Ceanglaíonn sé leis an ghléas)



Ligeann an plucóid cumhachta DC an POC a bheith ceangailte le hasraon DC 12-voltas i gcarr, bád, veain champála, srl. Ligeann úsáid cuibheoir cumhachta DC an gléas a oibriú agus an ceallra a luchtú ag an am céanna. Críochnaigh na céimeanna seo a leanas chun an cumhacht DC a cheangail leis an ghléas:

1. Cuir an plucóid asraoin cumhachta (F) isteach leis an cheangaltán ionraoin cumhacht seachtrach ar an ghléas.
2. Cuir an plucóid cumhachta DC (D) isteach in asraon DC 12-voltas tar éis an gluaisteán (bád, veain champála, srl.) a thoiseacht.

## Úsáid Mála Iompartha agus Cumraíocht

Ligeann an mála iompartha duit do ghléas a ghlacadh leat agus tú ag dul do ghnáthghníomhaíochtaí laethúla. Cosnaíonn sé an POC agus is féidir é a úsáid leis an hanla iompartha nó an strapa gualainne agus an gléas in úsáid.

| ⚠ RABHADH |
|---|
| Mura bhfuil an gléas curtha sa mhála iompartha mar is ceart, beidh na hionraonta agus na hasraonta aeir blocáilte, agus éireoidh an gléas róthé le linn oibriú agus múchfaidh sé.<br>Lena chinntiú go bhfuil an gléas aeráilte i gceart, suiteáil isteach sa Mhála Iompartha mar a léirítear. |




**A** **Strapa Coinneála**
In úsáid chun an ghléas a chosaint sa Mhála Iompartha.

**B** **Pócaí**
Tá pócaí ar an dhá thaobh den Mhála Iompartha chun an Cannúl, Ceallra breise agus an Lámhleabhar Úsáideora a stóráil.

**C** **Asraon aeir**
Nuair atá an gléas curtha sa Mhála Iompartha i gceart, beidh na hAsraonta Aer le feiceáil fríd scáileán mogalra.

**D** **Strapa Gualainne**
Ligeann sé don Mhála Iompartha a bheith cumraithe mar mhála teachtaireachta.

**E** **Fáinní 'W'**
Lonnaithe ag tosaigh agus ar chúl an Mhála Iompartha fá choinne ceangaltán éasca don Strapa Gualainne.



Áit cheart sa Mhála Iompartha



Áit mhícheart sa Mhála Iompartha



Suíomh ceart d'asraoin agus
ceangaltán ionraoin cumhachat seachtrach

### Chun an POC a chur isteach sa Mhála Iompartha

1. Cuir an gléas isteach ar bharr an mhála iompartha agus tarraing an mála suas thart air. Cinntigh go bhfuil na hionraonta agus na hasraonta aeir agus ceangaltán ionchura cumhacht seachtrach ailínithe lena hoscailtí sa mhála iompartha.
2. Cuir an strapa atá fágtha thar an ghléas agus san áit cheart.

### Ag baint an mhála iompartha

1. Cinntigh go bhfuil an gléas múchta agus dícheangailte ón chumhacht seachtrach.
2. Díshlánaigh an strapa coinneála.
3. Bain an gléas ón mála iompartha.

### Ag suiteáil Hanla Iompartha agus/nó Strapa Gualainne

Thig leis an mhála iompartha a bheith in úsáid mar mhála gualainne nó mar mhála trasna an chorp ag baint úsáid as an strapa gualainne.

1. Ceangail fáiscíní strapa gualainne le fáinní 'W' chun tosaigh agus ar chúl.
2. Athraigh fad an strapa gualainne go dtí an fad atá de dhíth.
3. Cuir an strapa ar do ghualainn nó trasna do chorp leis an channúl ag amharc chun tosaigh.

### Ag glanadh an Mhála iompartha

⃠ NÁ nigh nó triomaigh an mála iompartha san inneall.

1. Múch an gléas.
2. Bain an gléas ón mála iompartha.
3. Bain úsáid as éadach nó spúinse tais chun an mála iompartha a ghlanadh le huisce agus glantach éadrom. Glan go hiomlán ag baint úsáid as éadach glan.
4. Lig don mhála iompartha triomú i ndiaidh glantóireachta agus roimh úsáid.

⦸ NÁ HÚSÁID an gléas seo nó oiriúintí roghnacha gan na treoracha a léamh agus a thuiscint go hiomlán.

⦸ NÁ HÚSÁID an táirge seo ar dóigh ar bith eile seachas mar atá ráite sna sonraíochtaí agus sa chuid úsáid bheartaithe.

## Suíomh Láthair agus Oibrithe

Tá an POC le húsáid in áiteanna tirime. Bain úsáid as an ghléas in áit aeráilte atá saor ó thruailleáin agus ó mhúch.

Is é an dóigh is fearr ar féidir foláireamh scáileán agus fisiúil a fheiceáil ná ó fad 3 troithe (1m) nó níos lú faoi na coinníollacha seo a leanas:

- beidh an t-úsáideoir ábalta an scáileáin taispeána a fheiceáil chun an scáileáin fholáireamh a fheiceáil.
- ní bheidh casadh nó bac ar ionraonta nó asraonta aeir an ghléis.

## Ag ceangail / Lonnú an Channúil Sróine

❗ Is féidir cannúl nach bhfuil curtha san áit cheart stop a chur le hiarrachtaí brathadóireachta riospráide an úsáideora agus b’fhéidir nach gcuirfidh sé an gléas ag obair.

1. Bain an cannúl ón phacáistiú.
2. Ceangail an cannúl le feistiú asraoin ocsaigine an ghléis. Cinntigh go bhfuil an ceangail slán.
3. Cuir an cannúl thar cluasa s’agat agus cuir na beangáin i srón s’agat mar atá ráite ag do sholáthróir cúram sláinte nó déantóir cannúla.
4. Tá an cannúl úsáideora fá choinne úsáid duine amháin.

**Nóta:** Don fheidhmiú is fearr, moltar cannúl sróine aosaigh ardsreabhadh a úsáid chun úsáid cheart othair agus seoladh ocsaigine a chinntiú.




Ba chóir duit a bheith ábalta sreabhadh preabaireachta gás a chloisteáil agus a mhothú le gach análú. Muna mhothaíonn tú an preabadh gáis, seiceáil ceangail an channúil fá choinne sceitheadh.

| ⚠ AIRE |
|---|
| Fá choinne sreabhadh ocsaigine ceart, bí cinnte nach bhfuil casadh nó bac sa channúl roimh nó le linn úsáide.<br><br>Muna bhfuil an t-úsáideoir ábalta an gléas a thoiseacht, athraigh chuig foinse ocsaigine eile agus déan teagmháil le do Sholáthróir. |

### Ag baint an Cannúl ón Asraon

Chun an cannúl a bhaint ó asraon an ghléis, beir greim daingean ar bharr an ghléis agus tarraing agus cas an cannúl deisealach.



## Ag cumhachtú an POC

1. Chun an gléas a chasadh air, brú agus scaoil uimhir socrú an preabadh ordaithe (1 -5 ).
2. Tosóidh bípeáil inchloiste agus beidh táscairí uile soilsithe ar feadh thart fá dhá shoicind. Cinntíonn an seicheamh seo go bhfuil gach táscaire ag obair i gceart.




### Ag athrú Socrú Preabtha

Nuair atá an gléas ag rith, brú an cnaipe is mian leat (1-5) chun socrú preabaireachta a athrú. Déantar roghnúchán nuair a chloistear bípeáil inchloiste agus nuair atá socrú preabaireachta a thaispeáint ar an scáileán.

| ⚠ RABHADH |
|---|
| Caithfidh socrú seoladh ocsaigine a bheith cinntithe fá choinne gach úsáideoir go haonarach le cumraíocht an trealaimh atá in úsáid, oiriúintí san áireamh.<br><br>❗ Deimhnigh dáileog ordaithe sula dtugann tú don úsáideoir é agus déan monatóireacht ar bhonn rialta.<br><br>B'fhéidir nach rachaidh socruithe samhail nó branda eile trealaimh teiripe ocsaigine le socruithe an POC Live Active Five. B'fhéidir nach dtiocfaidh socruithe an ghléis agus sreabhadh ocsaigine leanúnach le chéile. |

**Tréimhse Tosaigh**

**Nóta:** Cinntigh go bhfuil an ceallra luchtaithe roimh úsáid den chéad uair.

| ⚠ AIRE |
|---|
| Roimh gach úsáid, cinntigh go bhfuil gach ceangail teann.<br>Déan scrúdú ar an ghléas fá choinne damáiste físiúil sula úsáidtear. NÁ HÚSÁID má tá damáiste déanta.<br>Roimh oibriú, cinntigh go bhfuil na hionraonta agus na hasraonta aeir ar an ghléas glan. Thig le haon bhlocáil cur isteach ar fheidhmiú. |

Beidh aláram inchloiste agus infheicthe á thaispeáint agus buailfidh sé ar feadh nóiméid i ndiaidh cumhacht a thabhairt don ghléas. Tiocfaidh "PRECISION MEDICAL" ansin Uimhir sraithe an ghléis agus Uaireanta Oibrithe ar an scáthlán nuair a thosaíonn an gléas. Cuirfidh an scáileáin an socrú roghnaithe ar fáil agus an céatadán ceallra atá fágtha. Le linn tosú 2 nóiméad, tá dlúthán ocsaigine ag fás. Má stóráiltear taobh amuigh den réimse teochta oibriú é, d'fhéadfadh sé 1 uair a ghlacadh chun réimse teochta oibrithe a bhualadh.

## Ag léamh na scáileáin taispeána

| | |
|---|---|
|  | Scáileáin fáilte Precision Medical a thaispeáint nuair a lastar an ghléis. |
|  | Uimhir sraithe agus uaireanta oibrithe an ghléis. |
|  | Scáileáin bhaile ag taispeáint socrú preabaireachta, leibhéal luchtaire ceallra, agus cumhacht seachtrach ceangailte an ghléis. |
|  | Scáileáin bhaile ag taispeáint socrú bíog an ghléis, am ceallra atá fágtha (thig leis 3 nóiméad a ghlacadh le taispeáint) agus nach bhfuil cumhacht seachtrach ceangailte. |
|  | Scáileáin bhaile ag taispeáint socrú preabaireachta, nach bhfuil ceallra suiteáilte, agus cumhacht seachtrach ceangailte an ghléis. |
|  | Taispeánann an deilbhín scáileáin seoladh preabaireachta d'ocsaigin. |
|  | Taispeánann an deilbhín scáileán socrú preabaireachta reatha an ghléis. |
|  | Taispeánann an deilbhín scáileáin leibhéal luchtaire atá ag an cheallra atá suiteáilte. |
|  | Taispeánann an deilbhín scáileáin go bhfuil foinse cumhachta DC seachtrach ceangailte leis an ghléas. |
|  | Beidh fad reatha atá fágtha á thaispeáint ag an deilbhín scáileáin in uaireannta "h" agus nóiméid "m". |

## Ag análú leis an POC

Tugtar cuisle ocsaigine nuair a dhéanann tú análú fríd cannúl sróine agus taispeántar gach uair a mhothaíonn an t-aonad análú.

Mura bhfuil aon anáil le brath ar feadh 60 soicind, beidh foláireamh NO BREATH DETECTED á thaispeáint agus rachaidh an gléas chuig seoladh uathphreabadh. Ag oibriú i seoladh uathphreabadh, seolfaidh an gléas seo 20 preabadh an nóiméid ag na socruithe roghnaithe reatha.

Nuair atá análú faighte, imeoidh an gléas ón seoladh uathphreabaireachta.

## Ag oibriú an POC leis an Quiet Option (Rogha Ciúnais)

| ⚠ RABHADH |
|---|
| Balbhaíonn an Quiet Option (Rogha Ciúnais) ar an ghléas aon fholáireamh inchloiste. Má chasann an gléas ar staid foláirimh, beidh foláireamh físiúil agus LED buí atá ag splancáil á thaispeáint amháin.<br>Sa chás go dtugann an gléas foláireamh físiúil “No Breath Detected” (“Gan Anáil le Brath”) nuair atá an Quiet Option (Rogha Ciúnais) ar siúl, rachaidh an gléas isteach chuig seoladh uath-anáil.<br>Má tharlaíonn staid foláirimh ina bhfuil gníomh úsáideora de dhíth, tiocfaidh an gléas amach as an Quiet Option (Rogha Ciúnais) go huathoibríoch. |

1. Las an gléas.
2. Brú agus beir greim ar an socrú ordaithe arís ar feadh 3 soicind, ansin lig do. Rachaidh an scáileán “Quiet Option” (“Rogha Ciúnais”) QUIET OPTION idir an Scáileán Baile.
3. Imeoidh an Quiet Option (Rogha Ciúnais) má ghlactar leis na gníomhartha seo a leanas:
   - Roghnaigh socrú eile.
   - Ag múchadh an gléas.

## Ag múchadh an POC

1. Chun an gléas a mhúchadh, brú ar an chnaipe OFF (OFF) go dtí go bhfuil “Powering Down” (“Ag Cumhachtú Síos”) POWERING DOWN á thaispeáint ar an scáileán taispeána.
2. Glacann an seicheamh muchadh cumhachta thart fá 3 soicind.

## Saol Ceallra agus Bainistiú Ceallra Molta

Chun cinntiú go gcoinníonn ceallra(í) leibhéal luchtaire is airde s’acu, bain úsáid as an chuibheoir cumhachta AC nuair atá rochtain agat le hasraon bhalla. Bain úsáid as an chuibheoir cairr DC nuair atá tú i bhfeithicil.

| ⚠ RABHADH |
|---|
| ⃠ NÁ HÚSÁID nó fág an gléas nó ceallra i dtimpeallacht atá róthé nó rófhuar ar feadh tamaill fhada.<br>Lig cuid mhór aeir isteach sa ghléas sa dóigh is go gcoinnítear an ceallra fionnuar nuair a úsáidtear é agus nuair atá sé ag luchtú. |

| ⚠ AIRE |
|---|
| Beidh cailleadh ocsaigine breise mar thoradh ar ídiú ceallra. Chun seoladh ocsaigine breise ceart a chinntiú le linn gearradh cumhachta:<br>• Ceangail do ghléas le foinse cumhachta eile.<br>• Bí cinnte go bhfuil foinse ocsaigine eile ar fáil nach bhfuil foinse cumhachta de dhíth air. |

Nuair a fhaigheann tú do POC, luchtaigh an ceallra go hiomlán sula úsáidtear go iniompartha é.

Coinnigh do cheallra luchtaithe go hiomlán agus tú ag baint úsáid as an ghléas ar bhonn laethúil.

❗ Cinntigh go bhfuil ceallra an ghléis luchtaithe a luaithe is féidir i ndiaidh dó a bheith díluchtaithe. Is féidir go mbeidh an ceallra díghrádaithe go buan má fhágtar díluchtaithe é ar feadh tamaill fhada.

Ba chóir ceallra(í) a choinneáil ag dhá bharra soilsithe luchtú mura bhfuil an gléas in úsáid ar bhonn laethúil.

Thig le ceallra a stóráil le luchtú iomlán an saol úsáide a laghdú. Athluchtaigh nó díluchtaigh chuig dhá bharra (50%) má tá tú chun do ghléas a stóráil ar feadh níos faide na mí amháin.

Má tá iliomad ceallra in úsáid, déan cinnte go bhfuil gach ceallra lipéadaithe (1, 2, 3) agus rothlaigh ar bhonn rialta iad. Níor chóir ceallra a fhágáil suanach ar feadh níos mó na 90 lá ag aon am amháin.

## Ag taistil leis an POC

Socraíonn Precision Medical go gcomhlíonann an Live Active Five POC critéir glactha an tÚdarás Feidearálach Eitlíochta (FAA) fá choinne carráiste POC agus úsáid ar bhord eitleán.

Agus réiteach eitilt á dhéanamh agat, caithfear fógra a thabhairt roimhe chuig aerlíne U.S. áirithe má tá sé mar aidhm agat POC a úsáid ar bhord an eitleáin.

Roimh an eitilt, cinntigh go bhfuil do Live Active Five glan agus go bhfuil na coinníollacha oibre go maith.

Tabhair go leor ceallra luchtaithe leat chun cumhacht a thabhairt do do Live Active Five fá choinne 150% fad ceaptha d’eitilt ar a laghad. Glac an t-am a chaitear ar an talamh roimh agus i ndiaidh na heitilte, scagadh slándála, nascanna agus moill ar bith san áireamh fosta.

Tá sé mar riachtanais ag rialacháin FAA go mbíonn gach ceallra breise clúdaithe agus cosanta go haonarach chun bac a chur ar ghearrchiorcaid. Is féidir ceallra breise a ghlacadh ar bhord i mála amháin.

# Cothabháil Coisctheach Molta

Dearadh an gléas go sonrach chun cothabháil coisctheach gnáthamh a laghdú.

Seachas tascanna atá mínithe sa lámhleabhar seo, níor chóir ach pearsanra le traenáil cothabhála coisctheach nó athrú feidhmíochta a dhéanamh ar an ghléas agus an trealamh seo. Ba chóir d'úsáideoirí teagmháil a dhéanamh le do sholáthróir nó le Precision Medical fá choinne seirbhíse.

## Saol Seirbhíse

Is é fad saoil an ghléis ná 5 bliain. Tá saol 1 bhliain ag bunchriathar agus ceallraí. Thig le saol seirbhíse a athrú maidir le minicíocht agus déine úsáide.

## Ag glanadh an Cháis

| ⚠ RABHADH |
|---|
| Sula nglantar, cinntigh go bhfuil an gléas múchta, díphlugáil aon fhoinsí cumhachta seachtracha agus bain an ceallra.<br>⃠ NÁ spraeáil nó cuir aon earraí glantóireachta ar an chás go díreach.<br>⃠ NÁ cuir leacht ar bith ar nó in aice leis an ghléas. Má fhaightear leacht ar bith ar an ghléas, múch díreach é, díphlugáil an gléas ón asraon leictreach, bain an Ceallra agus ceangal chuig foinse eile ocsaigine é.<br>⃠ NÁ HÚSÁID ceimiceáin gharbh agus/nó inlasta chun an gléas a ghlanadh.<br>⃠ NÁ HÚSÁID an gléas go dtí go bhfuil sé go hiomlán tirim. |

1. Ceangail le foinse ocsaigine eile.
2. Múch an gléas.
3. Díphlugáil aon fhoinse cumhachta seachtrach roimh ghlantóireacht.
4. Glan taobh amuigh de dhromchla an ghléis le héadach le beagán uisce agus glantach éadrom.
5. Glan agus lig don ghléas triomú. **Nóta:** Nuair nach bhfuil an gléas in úsáid, déan é a stóráil in áit ghlan agus thirim atá saor ó ghréisc, ola agus foinsí eile truaillithe.

## Ag glanadh an Scagaire Ionraon Aeir agus Ionaid

1. Bain an scagaire.
2. Nigh an scagaire le glantach measartha. Sruthlaigh le huisce agus lig dó triomú go hiomlán.
3. Nuair atá an scagaire tirim, athraigh é isteach sa chás.
4. Chun scagaire ionraoin aeir 508587 breise a cheannach, déan teagmháil le do sholáthair nó le Precision Medical.

## Ag athrú an Scagaire Asraon Aeir

| ⚠ AIRE |
|---|
| Athraigh le Scagaire Asraon Precision Medical Inc 508583 amháin. |

Tá sé beartaithe ag scagaire an asraoin cosaint a thabhairt don úsáideoir ó cáithníní sa sreabhadh gás ocsaigine. Tá an scagaire lonnaithe go háisiúil ar chúl feistiú asraon an channúil inbhainte. Molann Precision Medical go bhfuil athrú scagaire idir úsáideoirí déanta ag pearsanra oilte.

1. Bain cannúl.
2. Bain úsáid as rinse hex (Allen), bain an t-asraon go cúramach le díscriúáil tuathalach.
3. Beidh an scagaire infheicthe ar chúl an asraon nuair a bhaintear é.
4. Bain an scagaire, agus déan scrúdú ar an asraon chun cinntiú go bhfuil sé saor ó smionagair.
5. Suiteáil scagaire eile.
6. Déan an feistiú asraoin a scriúáil go cúramach isteach sa chuas deisealach. Bí cúramach chun an soc a scriúáil go díreach isteach chuig na snáithe. Ná teann barraíocht.

## Ag glanadh agus ag Díghalrú idir Úsáideoirí

| ⚠ RABHADH |
|---|
| Ba chóir go nglantar/go ndéantar díghalrú ar an POC, na páirteanna agus oiriúintí sula úsáidtear ar úsáideoir nua é.<br>Ní féidir an cannúl sróine a ghlanadh agus ba chóir é a chaitheamh amach. |

Beidh glantóireacht agus díghalrú déanta ar an ghléas agus a chuid oiriúintí ag pearsanra cáilithe nuair a úsáidtear é idir úsáideoirí chun cosc a chuir ar ghalrú agus féidearthacht malartán pataigin a dhíbirt idir úsáideoirí mar gheall ar thruailliú.

1. Bain an ceallra agus dícheangail cumhacht seachtrach uile ón ghléas.
2. Faigh réitigh agus athraigh gach oiriúint nach bhfuil fóirsteanach fá choinne iliomad úsáideoirí, cannúl agus feadán ocsaigine san áireamh.
3. Glan dromchla seachtrach uile ag baint úsáid as ceirtíní indiúscartha geirmicídí Sani-Cloth nó a chomhionann. Bain truailliú infheicthe uile ó dhromchla seachtrach an ghléis,an cheallra agus na n-oiriúintí. Déan cinnte go ndéantar scrúdú air agus go mbaintear truailliú ó fhraitheacha agus duibheagán an ghléis ar féidir truailliú a sháinniú. Glan le tuáille páipéir chun salachar a bhaint.
4. I ndiaidh truailliú infheicthe a bhaint, bain úsáid as ceirtín geirmicíde chun dromchla an ghléis agus oiriúintí a ghlanadh. Lig dó a bheith fliuch ar feadh 4 nóiméad. Bain úsáid as ceirtín breise más gá chun cinntiú go bhfuil dromchla fliuch ar feadh 4 nóiméad go leanúnach.
5. Lig don ghléas triomú go hiomlán.
6. Déan scrúdú ar an ghléas fá choinne truailliú infheicthe. Athdhéan an phróiseas glanadh/díghalraithe más gá.

# I ndiaidh Úsáide

## Stóráil

1. Bain an ceallra roimh stóráil. ***Déan tagairt don chuid Saol Ceallra agus Bainistiú Ceallra Molta.***
2. Stóráil an POC agus ceallra(i) in áit fuar, tirim.

    ⓘ ***Déan tagairt do na coinníollacha stórála i Sonraíochtaí sa chuid Sonraí Teicniúla.***

## Diúscairt

Thig le substaintí atá dochrach don timpeallacht a bheith sa ghléas seo agus ba chóir réiteach a fháil dó i gceart.

Lean reachtaíochta rialúcháin áitiúla agus pleananna athchúrsála maidir le caitheamh amach an ghléis agus na n-oiriúintí.

**⚠ RABHADH**

Molann ISO 80601-2-69 (Caighdeán na gConraitheoirí Ocsaigine) go hard go gcuireann úsáideoir an cannúl, a sheolann gás chuig an úsáideoir ón chonraitheoir ocsaigine, Comhla Choiscthe Bac Dóiteáin chun bac a chuir le sreabhadh gáis i dtreo an úsáideora sa chás go lastar an chomhla. Ba chóir go mbeadh an Chomhla Choiscthe Bac Dóiteáin lonnaithe cóngarach leis an úsáideoir.



Páirt um Chomhla Choiscthe Bac Dóiteáin Precision Medical # 507706



2” Ceangaltán feadáin - Páirt Precision Medical # 507707

# Fabhtcheartú

## Foláirimh theicniúla

| ⚠ RABHADH |
|---|
| Thig le teip ar réiteach foláireamh an gléas a mhúchadh. |

**Cur síos ar Fholáirimh Theicniúil**

Déanann an gléas monatóireacht ar pháirteanna áirithe inmheánacha agus déanann sé comparáid orthu le teorainn inghlactha. Cuirtear foláireamh amach nuair a théann sé thar an teorann inghlactha.

Tá foláireamh a rangú mar Staid Foláireamh Teicniúil Íseal tosaíochta. Tá gníomh úsáideora de dhíth ag foláireamh. Cuirfear an úsáideoir ar an eolas faoi staid foláireamh le bípeáil inchloiste gach 16 soicind agus splancáil buí solas LED.

Nuair a tharlaíonn staid fholáirimh, thig leis an úsáideoir an cnaipe Paused Alert (Foláireamh Ar Sos) a bhrú  chun an foláireamh a stopadh agus táscaire LED an foláireamh a athrú ó splancáil go leanúnach fá choinne 5 nóiméad ciúnais. Le linn an tréimhse chiúnais seo, má tá an staid foláirimh ceartaithe, múchfaidh an táscaire foláirimh LED.

Má leanann an staid, tosóidh an foláireamh arís agus thig leis an úsáideoir an cnaipe Paused Alert (Foláireamh Ar Sos) curtha leis an bhFoláireamh arís. Coinneoidh an timthriall seo ag dul go dtí go bhfuil an staid foláirimh ceartaithe.

Má tharlaíonn staid foláireamh breise le linn an tréimhse ciúnais, tiocfaidh deireadh leis an tréimhse chiúnais agus tosóidh an táscaire LED ag splancáil le bípeáil inchloiste.

Tá an staid áirithe a chruthaigh an foláireamh ar fáil le cód lochta an foláirimh a fhéachaint sa Scáileán taispeána.

Má tá tú ag oibriú taobh amuigh de na “Réimsí Timpeallachta Oibriúcháin” ***(Déan tagairt do na Sonraíochtaí sa lámhleabhar)***, b’fhéidir go dtarlóidh foláireamh agus b’fhéidir go múchfaidh an POC.

## ⚠ RABHADH

⃠ NÁ díchóimeáil nó ná déan iarracht é a chóiriú. Níl aon pháirteanna infheidhme taobh istigh. Déan teagmháil le do sholáthróir nó le Precision Medical, Inc. fá choinne seirbhíse.

SEE USER MANUAL

Má theipeann ar an ghléas oibriú i gceart, déan tagairt do na cairteanna seo a leanas fá choinne fáthanna agus réiteach. Más gá, déan teagmháil le do sholáthróir nó le Precision Medical, Inc.

**Ní lasann an POC agus ní fhanann sé ar siúl**

| Comhartha | Fadhb dóchúil | Réiteach(igh) |
|---|---|---|
| Tosaíonn an gléas ag oibriú nuair a lastar é, ach múchann sé roimh i bhfad. | Tá leibhéal cumhachta an cheallra ró-íseal. | Seiceáil leibhéal cumhachta an ceallra. Má tá luchtú íseal, athraigh an ceallra nó ceangail le foinse cumhachta seachtrach |
| | Níl an Ceallra síos go hiomlán. | Bain agus athshuiteáil an ceallra chun é a atosú. |

**Fadhbanna Ceallra**

| Comhartha | Fadhb dóchúil | Réiteach(igh) |
|---|---|---|
| Tá an deilbhín cumhacht seachtrach soilsithe, ach níl an táscaire leibhéal luchtaire ceallra ag splancáil nuair atá an gléas ceangailte le foinse cumhachta seachtrach. | Ceallra lochtach. | Athraigh an ceallra le ceann nua. |
| | Tá an fhoinse chumhachta seachtrach lochtach, nó tá ceangail scaoilte ann. | Seiceáil na ceangail ar fhoinsí cumhachta seachtracha. |
| CHECK BATTERY CONNECTION | Níl an Ceallra síos go hiomlán. | Bain agus athshuiteáil an ceallra chun é a atosú. |
| | Ceallra Lochtach. | Athraigh an ceallra le ceann nua. |
| BATTERY TEMPERATURE LOW CHARGING PAUSED | Tá an ceallra faoin réimse teochta atá molta fá choinne luchtú sábhailte. | Lig don cheallra téamh go teocht seomra agus déan iarracht eile. |
| BATTERY TEMPERATURE HIGH CHARGING PAUSED | Tá an ceallra thar an réimse teochta atá molta fá choinne luchtú sábhailte. | Lig don cheallra fuarú go teocht seomra agus déan iarracht eile. |
| UNAPPROVED BATTERY | Níl an ceallra mar cheallra faofa ag Precision Medical. | Bain úsáid as Ceallra Precision Medical amháin (508561). |

**Foláirimh Sheoladh Preabaireachta POC**

| **Comhartha** | **Fadhb dóchúil** | **Réiteach(igh)** |
|---|---|---|
| Ní sheolann an gléas preabadh ocsaigine nuair a dhéanann an t-úsáideoir ionanálú. | Feadán an channúil corraithe, blocáilte, nó casta. | Déan cinnte go bhfuil an feadán ceangailte leis an phort asraoin ocsaigine i gceart agus nach bhfuil calcadh ar bith ann. |
| NO BREATH DETECTED | Úsáideoir ag análú fríd an bhéal. | Ionanálaigh fríd an srón. |
| | Tá an cannúl dícheangailte. | Ceangail cannúl. |
| CANNULA BLOCK DETECTED<br>CHECK FOR OBSTRUCTION | Feadán an channúil corraithe, blocáilte, nó casta. | Déan cinnte go bhfuil an feadán ceangailte leis an phort asraoin ocsaigine i gceart agus nach bhfuil calcadh ar bith ann. |
| EXCESS BREATH RATE | Éiríonn ráta anála úsáideora níos mó na 40 anáil an nóiméad. | Laghdaigh an ráta anála. |

**Tá Asraon Dlúthán Ocsaigine Íseal**

| **Comhartha** | **Fadhb dóchúil** | **Réiteach(igh)** |
|---|---|---|
| OXYGEN % LEVEL LOW | Gléas ag téamh. | Fan 10 nóiméad don aonad ocsaigine a sheoladh ag an dlúthán ordaithe. |
| | Tá na bunchriathar ag deireadh ré. | Suiteáil Bunchriathar Ionaid nua (508697) |
| | Gléas ag mífheidhmiú. | Má leanann an staid ar aghaidh, athraigh chuig foinse ocsaigine eile agus déan teagmháil le do sholáthróir cúram baile nó le Precision Medical. |

**Ceallra ag ídiú**

| **Comhartha** | **Fadhb dóchúil** | **Réiteach(igh)** |
|---|---|---|
| Tá an gléas ag táirgeadh ceann de na foláirimh fhísiúla seo a leanas.<br>SETTING 2 LOW<br>CONNECT EXTERNAL POWER OR CHANGE BATTERY | Tá an ceallra atá suiteáilte íseal agus caithfidh sé a bheith luchtaithe. | Athraigh an ceallra atá suiteáilte le ceallra atá iomlán luchtaithe. |
| | | Ceangail an gléas le foinse chumhachta seachtrach. |

**Éiríonn an gléas róthé**

| Comhartha | Fadhb dóchúil | Réiteach(igh) |
|---|---|---|
| Tá an gléas ag tabhairt foláireamh infheicthe:     | Thig le hionraon nó asraon aeir a bheith blocáilte. | Bog aon rud atá ag blocáil an ghléis. Ceangail le foinse ocsaigine eile. Múch an gléas agus lig do fuarú sular mbaintear úsáid as arís.<br>Déan seic go bhfuil an gléas curtha sa mhála iompartha i gceart.<br>Glan nó athraigh scagaire ionraoin. |

**Níl an Scáthlán ag obair**

| Comhartha | Fadhb dóchúil | Réiteach(igh) |
|---|---|---|
| Scáileán Folamh / Múchann an gléas | Díluchtú leictreastatach | Díphlugáil an gléas ón chumhacht seachtrach. Bain ceallra. Fán ar feadh 1 nóiméad ar a laghad. Athchuir an ceallra. Las an Gléas |

# Múch foláirimh

Múchann an gléas nuair a tharlaíonn coinníollacha foláirimh sa chuid seo.

| Comhartha | Fadhb dóchúil | Réiteach(igh) |
|---|---|---|
| Taispeántar "SHUT DOWN FAULT CODE XX" (CÓD FABHT MÚCHTA XX) ar an scáileán. Bípeáil inchloiste amháin gach 16 soicind Táiscaire foláireamh BUÍ ag soilsiú. | Foláireamh teicniúil | Má thaispeánann do scáileán cód lochta, tabharfaidh an gléas treoir duit cnaipe ar bith a bhrú chun atosú a dhéanamh. |
| Taispeántar "SHUT DOWN FAULT CODE XX" (CÓD FABHT MÚCHTA XX) ar an scáileán.       | | Má thaispeánann scáileán s'acu cód lochta, lean na treoracha ar an scáileán. Beidh treoir á thabhairt duit chun socrú ar bith a bhrú chun atosú a dhéanamh ar an ghléas nó cumhacht a thabhairt agus an gléas a atoiseacht. Má threoraítear chun cumhacht a thabhairt, bain an ceallra agus cumhacht seachtrach. Athshuiteáil an ceallra agus cumhacht seachtrach sa ghléas. Brú ar shocrú chun atoiseacht a dhéanamh. |
|   | | Má tá 5 iarracht atosaithe neamhrathúil i níos lú na 5 nóiméad, beidh seirbhísiú de dhíth ar an ghléas. Ceangail chuig fhoinse ocsaigine eile agus déan teagmháil le do sholáthróir cúram baile nó le Precision Medical. |

# Sonraí teicniúla

## Sonraíochtaí

### Go Ginearálta

Nuair a dhéantar aon acmhainn foilsithe a thomhais, smaoinigh ar éiginnteacht thomhas an trealamh tomhais.

Léirítear sonraíochtaí ráta sreabhadh agus méid gáis fá choinne gás atá seolta chuig an úsáideoir ag STPD (teocht agus brú caighdeánach, tirim).

| | |
|---|---|
| **Riachtanais Leictreach:** | Soláthar cumhachta AC go DC:<br>Ionchur: 100–240 VAC, 50–60 Hz, <2.0A<br>Aschur: 18Vdc thuas go 5.56A<br><br>Soláthar cumhachta DC go DC: (Gluaisteán)<br>Aschur: 18Vdc thuas go 6.67A |
| **Ceallra Gléis:** | 14.8 Vdc, 6.4 Ah, 94.7 Wh |
| **Coinníollacha Timpeallachta Oibrithe:** | Teocht oibrithe: 41°F go 104°F (5°C go 40°C)<br>Bogthaise choibhneasta: 15-90% bogthaise gaolta neamhchomhdhlúthacháin, brú gal uisce suas go 1.48 i Hg (50 hPa) |
| **Teochtaí Stórála agus Iompair:** | -13°F go 158°F (-25°C go 70°C) |
| **Bogthaise Stórála agus Iompair:** | Suas go 90% bogthaise gaolta neamhchomhdhlúthacháin fá choinne teochta 41°F go 95°F (5°C go 35°C)<br>Brú gal uisce suas go 1.48 in Hg (50 hPa) fá choinne teochta atá níos airde na 95°F (35°C) |
| **Airde Oibriú:** | Suas go 10,000ft (3048 m) níos airde na leibhéal na mara |
| **Teorannú Brú Oibrithe:** | 700–1060 hPa |
| **Ráta anála:**<br><br>**Méid Preabadh Ocsaigine Seolta:**<br><br><br><br><br>**Íonacht Ocsaigine:** | 15 - 40 BPM (análú an nóiméad) gan laghdú méid nóiméad bólas.<br>Socrú 1: 220 mL/nóim (±15%)<br>Socrú 2: 440 mL/nóim (±15%)<br>Socrú 3: 660 mL/nóim (±15%)<br>Socrú 4: 880 mL/nóim (±15%)<br>Socrú 5: 1000 mL/nóim (±15%)<br>87% go 95.5%<br>I ndiaidh an tréimhse tosaíochta ag aon socrú sreabhaidh, ag teocht caighdeánach timpeallach, brú bogthaise agus atmaisféarach. |
| **Am Tosaigh:** | ≥ 87% Dlúthán Ocsaigine < 2 min* |
| **Íogaireacht thruicir:** | < -0.45 cmH2O |
| **Uasmhéid Brú Asraoin:** | 12 psi (83 kPa) |
| **Fad Ceallra fágtha:** | Socrú 1 - 6.5 Uaire<br>Socrú 2 - 4.3 Uaire<br>Socrú 3 - 2.7 Uaire<br>Socrú 4 - 2.0 Uaire<br>Socrú 5 - 1.5 Uaire |

| | |
|---|---|
| **Am luchtaithe:** | Beidh am luchtaithe ag brath ar an socrú. |
| **Leibhéal Brú Fuaime:** | < 40 dBA (Socrú 2) |
| **Leibhéal Cumhachta Fuaime:** | < 48 dBA (Socrú 2) |
| **Leibhéal Brú Fuaime Comhartha Inchloiste:** | > 55 dBA |
| **Tomhais:** | 8.4 in airde x 3.2 leathan x 8.5 doimhneacht (21.4 cm in airde x 8.3 cm leathan x 21.6 cm i doimhneacht) |
| **Meáchan:** | 5.0 lbs (2.2 kg) le ceallra amháin agus gan mála iompartha |
| **Rangú Leictreach:** | Cosaint Turraing Leictreach Aicme II, Páirt Feidhmeach Cineál BF, Oibriú Leanúnach |
| **Rátáil Slándála Iontrála:** | IP22 |
| **Páirteanna Feidhmeacha:** | Feadán Cannúil/Ocsaigine, Port Asraoin Ocsaigine, Mála Iompartha |
| **Saol Seirbhíse an Ghléis:** | 5 bliana |

*Is féidir leis a bheith bunaithe ar aois an ghléis.

Is féidir sonraíochtaí a athrú gan fógra a thabhairt.

## Liostaí rialála

Tá an Live Active Five POC deartha, tástálaithe agus deimhnithe leis na caighdeáin rialaithe seo a leanas:

ANSI/AAMI 60601-1; Ed: 3.1

IEC 60601-1-2: 2014

CAN/CSA 22.2 No. 60601–1

ISO 80601–2–69

ISO 80601–2–67

IEC 60601–1–6

IEC 60601–1–8

IEC 60601–1–11

RTCA DO 160G

### Comhdhúil Orgánach So-ghalaithe (VOC) agus Riachtanais Cháithníneacha

Comhlíonann an ocsaigin a sheoltar ón ghléas beo na riachtanais a leanas fá choinne leibhéalacha áirithe, leibhéalacha VOC, leibhéalacha ocsaídím charbóin, leibhéalacha dé-ocsaíd charbóin agus leibhéalacha ózóin.

ISO 18562-2: Damhna an cháithnín

ISO 18562-3: Leibheálacha VOC

21 CFR 801.415: Leibheálacha Ózóin

EPA NAAQS: Leibhéalacha Monocsaíd charbóin

Teorainn neamhchosanta ceadaithe OSHA: Leibhéalacha Dé-ocsaíd charbóin

Modh Tástála Caighdeánach fá choinne Cinntiú Ceimiceáin Orgánach So-ghalaithe san Atmaisféar (Modheolaíocht Sampláil Ceanastar)

# Comhlíonadh Leictreamaighnéadach (EMC)

## Treoir agus dearbhú an déantóra - imdhíonacht leictreamaighnéadach

Tá an Live Active Five POC le bheith in úsáid i dtimpeallacht leictreamaighnéadach atá sainithe thíos. Ba chóir go gcinntíonn úsáideoir an ghléis go bhfuil sé in úsáid sa timpeallacht sin.

| **Scrúdú imdhíonachta** | **IEC 60601 Leibhéil Tástála** | **Leibhéil chomhlíonta** | **Treoir - Timpeallachta Leictreamaighnéadach** |
|---|---|---|---|
| Radaimhinicíocht iompartha IEC 61000-4-6<br><br>Radaimhinicíocht gathach IEC 61000-4-3 | 3 Vrms<br>150 kHz go 80 MHz<br><br>3 Vrms<br>80 MHz go 2.7GHz | 3 Vrms<br>3 V/m | Níor chóir trealamh cumarsáide radaimhinicíochta atá iniompartha agus soghluaiste a úsáid níos cóngaraí le páirt ar bith don ghléas, cáblaí san áireamh, ná an fad scaradh atá molta. Déantar seo a thomhas ón chothromóid atá infheidhme le minicíocht an tarchuradóir.<br><br>Fad scaradh molta:<br>d=1.2 √P 150 kHz to 80 MHz<br>d = 1.2 √P 80 MHz go 800 MHz<br>d = 2.3 √P 800 MHz go 2.5 GHz<br>Áit a bhfuil P an aschur ráta cumhacht is mó don traschur i vata (W) de réir déantóir an tarchur agus is é d an fad scaradh i méadar (m). Cumhacht réimse ó tharchur radaimhinicíocht, atá socraithe ag suirbhé suíomh leictreamaighnéadach, ba chóir go mbeidh sé níos lú ná an leibhéal comhlíonadh i ngach réimse minicíochta.b. Is féidir tarchur tarlú le trealamh ina bhfuil an siombail seo air: |
| Díluchtú leictreastatach (ESD)<br>IEC 61000-4-2 | +/- 8 kV teagmháil<br><br>+/- 15 kV aer | +/- 8 kV teagmháil<br><br>+/- 15 kV aer | Ba cheart go bhfuil na talamh adhmad, coincréiteach nó criadóireacht. Má tá an t-urlár clúdaithe in ábhar sintéiseach, ba chóir go bhfuil an bogthaise choibhneasta 30% ar a laghad. |
| Leictreach Gasta neamhbhuan<br><br>EC 61000-4-4 | ± 2 kV fá choinne línte soláthar cumhachta<br><br>± 1 kV fá choinne ionchuir/<br>Línte aschuir | ± 2 kV fá choinne línte soláthar cumhachta<br><br>± 1 kV fá choinne ionchuir/<br>Línte aschuir | Ba chóir go mbeadh caighdeán na príomhchumhachta mar an gcéanna le timpeallacht ginearálta otharlainne nó tráchtála. |

| Scrúdú imdhíonachta | IEC 60601 Leibhéil Tástála | Leibhéil chomhlíonta | Treoir - Timpeallachta Leictreamaighnéadach |
|---|---|---|---|
| Borradh<br><br>IEC 61000-4-5 | +/- 1kV lín(t)e go lín(t)e<br><br>+/- 2kV lín(t)e go talamh | +/- 1kV lín(t)e go lín(t)e<br><br>+/- 2kV lín(t)e go talamh | Ba chóir go mbeadh caighdeán na príomhchumhachta mar an gcéanna le timpeallacht ginearálta otharlainne nó tráchtála. |
| Ísealvoltas, tarchur gairid agus réimse voltas ar línte ionchur soláthar cumhacht<br><br>IEC 61000-4-11 | <5% UT (>95% dip in UT) for 0.5 timthriall<br><br><40% UT (>60% dip in UT) fá choinne 5 timthriall<br><br><70% UT (>30% dip in UT) fá choinne 25 timthriall | <5% UT (>95% dip in UT) for 0.5 timthriall<br><br><40% UT (>60% dip in UT) fá choinne 5 timthriall<br><br><70% UT (>30% dip in UT) fá choinne 25 timthriall | Ba chóir go mbeadh caighdeán na príomhchumhachta mar an gcéanna le timpeallacht ginearálta otharlainne nó tráchtála. Má tá oibriú leanúnach don [TREALAMH ME nó CÓRAS ME] de dhíth ag an úsáideoir le linn briseadh sa phríomhchumhacht, moltar go dtugtar cumhacht chuig an [TREALAMH ME nó CÓRAS ME] ó soláthar cumhachta gan bhriseadh nó ag ceallra. |
| Réimse Maighnéadach Minicíocht Cumhachta (50/60 Hz)<br><br>IEC 61000-4-8 | 3 A/m | 3 A/m | Ba chóir go mbeadh réimse maighnéadach minicíocht cumhachta ag leibhéal atá cosúil le háit tipiciúil le timpeallacht otharlann nó baile. |

Ag 80 MHz agus 800 MHz, tá an tarchur is airde san áireamh.

B’fhéidir nach mbeidh na treoracha seo i bhfeidhm i ngach cás. Cuirtear isteach ar shíolrú leictreamaighnéadach le hionsú ó fhrithchaitheamh ó fhoirgnimh, rudaí agus daoine.

UT is é an voltas a.c. roimh fheidhmiúcháin an leibhéil scrúduithe.

a: Réimse láidreachta ó sheachadóirí suite, mar shampla bonn stáisiúin don raidió (ceallach/gan sreang) ní féidir fón agus fón raidió talamh, raidió amaitéarach, AM agus FM craoladh raidió agus craoladh teilifíse a bheith tuartha go teoiriciúil le cruinneas. Ba chóir go mbeadh suirbhé suíomh leictreamaighnéadach san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar thimpeallacht leictreamaighnéadach mar gheall ar tharchur radaimhinicíocht. Má tá an réimse cumhachta meáite san áit ina bhfuil an gléas in úsáid níos mó ná leibhéal comhlíonadh radaimhinicíocht ceart, ba chóir féachaint ar an ghléas chun oibriú ceart a chinntiú. Má tá léiriú mínormálta á thaispeáint, b’fhéidir go mbeidh bealaí breise de dhíth, mar shampla an gléas a athlonnú.

b: Thar an réimse tarchuir 150 kHz go 80 MHz,ba chóir go mbeadh cumhacht réimse níos lú na 3 V/m.

**Faid scartha idir threalamh cumarsáide radaimhinicíocht iniompartha agus soghluaiste agus an gléas seo:**
Tá an gléas le bheith in úsáid i dtimpeallacht leictreamaighnéadach ina bhfuil cur isteach radaimhinicíochta faoi smacht. Thig le húsáideoir an gléas cuidiú a thabhairt chun trasnaíocht leictreamaighnéadach a chosc le híosfhad a choinneáil idir threalamh cumarsáide radaimhinicíocht iniompartha agus gluaisteach (seachadóir) agus an gléas seo mar atá luaite thíos, de réir an aschur cumhachta is mó don trealamh cumarsáide.

| Uasráta Aschuir Cumhachta Seachadóir (W) | Fad Scartha de réir minicíocht an tarchuradóir (M) | | |
|---|---|---|---|
| | 150 kHz go 80 MHz $d=1.2\sqrt{P}$ | 80 MHz go 800 MHz $d=1.2\sqrt{P}$ | 800 MHz go 2.5 GHz $d=2.3\sqrt{P}$ |
| 0.01 | 0.12 | 0.12 | 0.23 |
| 0.1 | 0.38 | 0.38 | 0.73 |
| 1 | 1.2 | 1.2 | 2.3 |
| 10 | 3.8 | 3.8 | 7.3 |
| 100 | 12 | 12 | 23 |

Fá choinne seachadóirí atá rátaithe ag an aschur is mó nach bhfuil ráite thuas, is é an fad scartha atá molta ná d i méadair(m) ar féidir a bheith measta ag baint úsáid as an chothromóid atá bainte le minicíocht an seachadóir, áit a bhfuil P an ráta aschur cumhachta is mó don seachadóir i vata(W) de réir déantóir an seachadóir.

> Ag 80 MHz agus 800 MHz, tá an fad scartha don tarchur is airde san áireamh.
>
> B'fhéidir nach mbeidh na treoracha i bhfeidhm i ngach cás. Cuirtear isteach ar shíolrú leictreamaighnéadach le hionsú ó fhrithchaitheamh ó fhoirgnimh, rudaí agus daoine.

Treoir agus dearbhú an déantóra - astaíochtaí leictreamaighnéadacha
Tá an Live Active Five POC le bheith in úsáid i dtimpeallacht leictreamaighnéadach atá sainithe thíos. Ba chóir go gcinntíonn úsáideoir an ghléis go bhfuil sé in úsáid sa timpeallacht sin.

| Tástáil Astaíochta | Comhlíonadh | Treoir - Timpeallachta Leictreamaighnéadach |
|---|---|---|
| Astaíochtaí radaimhinicíochta CISPR CISPR 11 | Grúpa 1 | Baineann an gléas úsáid as fuinneamh RF fá choinne feidhmiú inmheánach amháin. Mar sin de, tá astaíochtaí radaimhinicíochta s'aige an-íseal agus ní dhéanfaidh siad dochar ar bith chuig trealamh áitiúil. |
| Astaíochtaí radaimhinicíochta CISPR CISPR 11 | Aicme B | Tá an gléas oiriúnach le húsáid i ngach eagraíocht, eagraíochtaí inmheánach agus iad siúd atá ceangailte le líonra cumhacht poiblí volta íseal san áireamh a sholáthraíonn foirgneamh fá choinne cuspóir inmheánach. |
| Astaíochtaí Armónacha IEC 61000-3-2 | Aicme A | |
| Astaíochtaí preabtha/ preabadh voltas IEC 61000-3-3 | Comhlíonann | |

# Baránta Teoranta Precision Medical

Tugann Precision Medical, Inc. (PMI) baránta go bhfuil an Live Active Five Portable Oxygen Concentrator (an Táirge) agus oiriúintí saor ó lochtanna sna hábhair agus ag an obair don tréimhse seo a leanas:

| **Táirge** | **Tréimhse** |
|---|---|
| Dlúthaitheoir Ocsaigine iniompartha Live Active Five | 3 bliana |
| Ceallra | 1 bhliain |
| Bunchriathar | 1 bhliain |
| **Oiriúintí** | |
| Luchtaire Ceallra Live Active Five | 1 bhliain |
| Ceallra, Cuibheoir Cumhachta agus Corda | 1 bhliain |
| Bunchriathar Ionaid | 1 bhliain |
| Cannúl, Feadán, Scagaire, Mála Iompartha, Mála Oiriúintí | Gan Baránta |
| Tosaíonn gach baránta ar dáta seolta an Táirge agus/nó Oiriúintí ón PMI chuig soláthróir an Trealamh Leighis Marthanach (DME) nó Úsáideoir Deiridh infheidhme. Éilimh bharánta gach táirge: Táirge curtha ar fáil nó ceannaithe ó DME - Déan teagmháil le DME; Táirge ceannaithe díreach ó PMI - Déan teagmháil le PMI | |

Níl aon bharánta déanta i dtaca le caitheamh agus cuimilt ginearálta nó damáiste mar thoradh ar fhaillí a dhéanamh, mí-úsáid, taisme, damáiste fisiciúil, nó athrú don táirge nó an oiriúintí.

Cuirfidh aon oibriú don táirge nó oiriúintí nach bhfuil i gcomhréir le Lámhleabhar Úsáideora PMI an Baránta Teoranta seo ar neamhní. I ndiaidh admháil don táirge a fháil, déanfaidh an ceannaitheoir scrúdú ar gach earra.

Caithfidh éiligh ar bith a bheith déanta i bhfoirm scríbhneoireachta le teagmháil chuig seirbhísí custaiméirí PMI i ndiaidh teacht ar locht le linn an tréimhse bharántais. Más riachtanach é, tabharfaidh PMI Údarú Earraí Fillte (RGA). B'fhéidir nach nglacfar le táirge ar bith a sheoltar ar ais gan RGA agus go athsheoltar iad ag costas an ceannaitheora.

An t-aon réiteach atá ann fá choinne fadhb(anna) sa táirge ná cóiriú nó an gléas a athrú mar atá cinntithe ag PMI.

Tá an custaiméir freagrach fá choinne costas seoltóireachta ar ais chuig PMI. Ba chóir an táirge a bheith seolta sa phacáistiú bunaidh. Tá lipéadú speisialta de dhíth ag ceallraí iain litiam agus táirge le ceallra iain litiam istigh iontu. Déan teagmháil le PMI fá choinne tuilleadh eolais. Níl PMI freagrach fá choinne damáiste a dhéantar le linn seachadta.

Beidh táillí caighdeánacha cóiriú PMI ann fá choinne táirgí a chuirtear ar ais chun cóiriú a fháil nach bhfuil clúdaithe faoin bharánta. Má chuirtear ar ais é faoin bharánta le linn an tréimhse infheidhme, ceartóidh PMI an fabht le cóiriú oiriúnach nó athsholáthar ar a costas féin, ar fógra scríofa agus bunús go raibh na hearraí á stóráil, á shuiteáil, á chothabháil agus oibrithe de réir treoracha PMI agus cleachtadh caighdeánach tionsclaíochta, agus nach bhfuil aon athruithe, ionadaithe nó leasuithe déanta leis na hearraí.

Níl cead ag ionadaí PMI nó aon mhiondíoltóir baránta ó bhéal a thabhairt faoi na hearraí atá sa chonradh seo. Ní bheith aon mhuinín sna ráiteas sin agus níl siad mar pháirt don chonradh atá ar díol. Mar sin de, is scríbhneoireacht deiridh, críochnaithe é seo agus eisiach na téarmaí don chonradh seo.

Tá an baránta seo eisiach agus in ionad aon bharánta indíoltachta, oiriúnach fá choinne aidhm áirithe nó aon bharánta eile caighdeánach, cibé nocht nó intuigthe.

Ní bheith PMI ar aon chúis, faoi dhliteanas fá choinne aon damáiste speisialta, teagmhasach nó iarmhartach ar nós brabús caillte, díolachán caillte, nó gortú duine nó réadmhaoin. Is é ceartú neamhchomhréireachtaí, mar a fhoráiltear thuas, comhlíonadh na ndliteanas uile PMI cibé acu bunaithe ar chonradh, faille, tort docht nó eile. Tá sé de cheart ag PMI scoir de mhonarú aon táirge nó athrú a dhéanamh ar ábhar táirge, dearadh, nó sonraíocht gan fógra.

Is féidir aon ghníomh breise a thoiseacht chun aon soláthar don Bharánta Teoranta seo a chur i bhfeidhm sa stáit nó cúirt cónasctha Pennsylvania agus ceantar faoi dhlínse Comhlathas Pennsylvania.

Tá an ceart ag PMI aon earráid chléireachais nó chló a athrú gan pionós.

Ní féidir an baránta seo a aistriú. Coinnigh an admháil bunaidh fá choinne fianaise ceannaíochta.

Fá choinne baránta nó seirbhís cóiriú déan teagmháil le seirbhís custaiméara PMI ag warranty@precisionmedical.com

Precision Medical Inc.
300 Held Drive
Northampton PA 18067, USA

PrecisionMedical

300 Held Drive • Northampton, PA 18067 USA
800-272-7285 • precisionmedical.com

508573GA Rev 1